Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10790 — SALIC / OLAM / OLAM AGRI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 414/07)

1. An 20 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Saudi Agricultural and Livestock Investment Company ("SALIC", an Araib Shádach), faoi rialú Public Investment Fund (an Araib Shádach),

— Olam Group Limited ("Olam Group", Singeapór), faoi rialú Temasek Holdings (Private) Limited (Singeapór),

— Olam Agri Holdings Pte. Ltd. ("Olam Agri", Singeapór), faoi úinéireacht Olam Group.

Gheobhaidh SALIC agus Olam Group rialú comhpháirteach ar Olam Agri ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta de chuid na hAraibe Sádaí é SALIC atá gníomhach i dtionscail na talmhaíochta agus an bhia, agus infheistíochtaí aige san Araib Shádach agus go hidirnáisiúnta,

— Tá Olam Group gníomhach ar fud an domhain in earnálacha an bhia agus an agra-ghnó trína fhochuideachtaí éagsúla. Tá Olam Group faoi rialú Temasek, cuideachta infheistíochta ag a bhfuil gnólachtaí atá gníomhach i réimse leathan tionscal, lena n-áirítear an earnáil agraibhia,

— Is ceannaí agus próiseálaí domhanda earraí talmhaíochta é Olam Agri agus gníomhaíochtaí aige ar fud an tslabhra luacha (feirmeoireacht, tionscnamh, trádáil mhórdhíola, próiseáil, mínghlanadh, dáileadh).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10790 - SALIC / OLAM / OLAM AGRI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË